

Ag tacú le Gnóthaí agus ag cosaint loncaim le linn na Paidéime

Le linn na paidéime COVID-19, chuir na Coimisinéirí loncaim leis an iarracht náisiúnta chun beatha agus slite beatha a chosaint. Leanann muid de thacaíochtaí criticiúla a chur ar fáil, ag dul i dtaithe go tapa de réir mar a d'fhorbair scéimeanna nua agus chuir muid treoir agus cabhair ar fáil go sciobtha.

SFPF	STAG	STSC	Stórasú Fiachais
€4.6bn fóirdheontais, 628,000 fostaithe agus 47,600 fostóirí tacaithe in 2021	2,120 gnó tacaithe le fóirdheontais de €7.7m ó mhí Mheán Fómhair 2021	€471m in tacaíocht do 21,300 gnó le 24,500 áitreabh in 2021	€2,948m dliteanas in trádstóras le 100,900 gnó tacaithe

Caidreamh Trádála Nua leis an mBreatain Mhór a Éascú

Ón 1 Eanáir 2021, tá raon gnásanna custam agus rialachais eile ag baint le hearraí a iompar chuig, ó nó tríd an mBreatain Mhór. Thug muid cabhair do ghnóthaí dul i dtaithe ar an dtimpeallacht trádála nua, chomh maith le tacaíocht leanúnach a thabhairt do trádálaí ón tríú tíortha.

25.4 milliún	€526m	396,895	86%	23,265
Dearbhuithe Custam a Príseáladh	Dleacht Custam a Bailíodh	Leoraithe agus Coimeádáin ag teacht isteach go héirinn ón mBreatain Mhór; a tugadh an "Bealach Glas" do 88% dóibh	Cuid den imeachtaí isteach an Ríocht Aontaithe ar tógadh tríd an mBealach Glas'	Clárúcháin Custam Nua (EORI)

Athluacháil ar an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) le haghaidh 2022

Thug an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Leasú), 2021 struchtúr nua isteach le haghaidh CMÁ ó 2022 ar aghaidh. Beidh CMÁ le haghaidh na mblianta ó 2022 go dtí 2025 bunaithe ar luachanna maoiné ar an 1 Samhain 2021. Chuaigh na Coimisinéirí loncaim i dteagmháil le os cionn 1.4 milliún úinéir maoiné (maidir le beagnach 2 milliún maoin) chun na riachtanais don chéad "tréimhse luachála" (2022-2025) eile a leagadh amach.

Tuairisceáin	Comhlíontacht	Íocaíochtaí
1.1m úinéir tar éis tuairisceáin a thíolacadh i leith 1.4 maoin go dtí seo; tíolacadh 89% de na tuairisceáin seo ar líne	81% comhlíontacht tuairisceáin 91% comhlíontacht íocaíochta	€124m íochta, €400m in iomlán i socruithe nua íocaíochta a cuireadh i bhfeidhm, agus €45m eile faighte trí mhodhanna íocaíochta bliantúlaithe